Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2026
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0111 (COD)**

**9496/26**
**ADD 1**

**PECHE 185**
**CODEC 959**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 198 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), Rialachán (AE) 2018/975 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe atá infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO), Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, Rialachán (AE) 2021/56 lena leagtar síos bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le limistéar an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha, Rialachán (AE) 2022/2056 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir, Rialachán (AE) 2022/2343 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 198 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 198 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.5.2026
COM(2026) 198 final

ANNEX 1

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), Rialachán (AE) 2018/975 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe atá infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO), Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, Rialachán (AE) 2021/56 lena leagtar síos bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le limistéar an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha, Rialachán (AE) 2022/2056 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir, Rialachán (AE) 2022/2343 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir**

**Iarscríbhinn I**

1. Cuirtear isteach Iarscríbhinn X

‘Iarscríbhinn X

(a) A. Faisnéis laethúil faoi shuíomh an bhaoi

Ba cheart na réimsí sonraí seo a leanas a áireamh le haghaidh na mbaoithe agus na suíomhanna uile a thaifeadtar go laethúil, i gcomhaid csv a bhaineann go sonrach leis an gcuideachta iascaireachta:

a) dáta [ll-mm-bbbb],

b) an t-am [uu.nn],

c) cód aitheantóra uathúil an bhaoi [athraíonn an fhormáid i gcás gach monaróra baoithe ach is cód alfa-uimhriúil é i gcónaí],

d) IMO an tsoithigh a bhaineann leis an mbaoi agus a fhaigheann an fhaisnéis,

e) domhanleithead [arna shloinneadh mar chéimeanna deachúla],

f) domhanfhad [arna shloinneadh mar chéimeanna deachúla],

g) luas [muirmhílte san uair]

h) sondálaí fuaime [air/as]

Ina theannta sin, nuair is féidir, áireofar an fhaisnéis seo a leanas a chomhfhreagraíonn do gach tarchur:

i) teocht an uisce,

j) baoi san uisce (i gcás na mbaoithe sin a bhfuil braiteoirí acu lenar féidir baoithe san uisce a shainaithint agus i gcás na mbaoithe sin amháin),

k) dátaí gníomhachtaithe agus díghníomhachtaithe,

l) Stádas nó modh tarchurtha an bhaoi (e.g. faisnéis láithreach, aisghabháil, etc.)

Ba cheart sonraí a fháil i gcomhaid csv dar teideal ‘X-BBBB-MM-ZZZZZ.csv’ inarb é X cód mhonaróir an bhaoi, inarb é BBBB an bhliain, inarb é MM an mhí, agus inarb é ZZZZZ ainm na cuideachta iascaireachta. Déanfar comhad csv amháin a ullmhú le haghaidh cuideachta, bliana agus míosa.

B. Faisnéis maidir le fuaimthaifid

Ní mór na réimsí sonraí seo a leanas a áireamh le haghaidh na mbaoithe agus na bhfuaimthaifead uile a thaifeadtar go laethúil, i gcomhaid csv a bhaineann go sonrach leis an gcuideachta iascaireachta:

-ZUNIBAL: cuideachta, cód aitheantóra uathúil baoi, dáta (dáta, am), cineál (suíomh nó sondálaí), domhadleithead, domhanfhad, luas, síobadh, iomlán.

-SATLINK: cuideachta, cód aitheantóra uathúil baoi, Táscaire Teachtaireachta, dáta (dáta,am), domhanleithead, domhanfhad, lucht ceallra, teocht, luas, síobadh, layer1, layer2, layer3, layer4, layer5, layer6, layer7, layer8, layer9, layer10, sum, max, mag1, mag2, mag3, mag4, mag5, mag6, mag7, mag8.

-MARINE INSTRUMENTS: cuideachta, cód aitheantóra uathúil baoi, Dáta Tarchuir, Uair an Tarchuir, domhanleithead, domhanfhad, modh, solas, poll, teocht,

vcc, Dáta Sondálaí, gain, layers, layerbits, maxdepth, sd1, sd2, sd3, sd4, sd5, sd6, sd7, sd8, sd9, sd10, sd11, sd12, sd13, sd14, sd15, sd16, sd17, sd18, sd19, sd20, sd21, sd22, sd23, sd24, sd25, sd26, sd27, sd28, sd29, sd30, sd31, sd32, sd33, sd34, sd35, sd36, sd37, sd38, sd39, sd40, sd41, sd42, sd43, sd44, sd45, sd46, sd47, sd48, sd49, sd50.

Ba cheart sonraí a fháil i gcomhaid csv dar teideal 'X-BBBB-MM-ZZZZZZZ-Sounder.csv" inarb é X cód mhonaróir an bhaoi (M, S, Z, le haghaidh Marine Instruments, Satlink, agus Zunibal, faoi seach), inarb é BBBB an bhliain, inarb é MM an mhí, agus inarb é ZZZZZ ainm na cuideachta iascaireachta. Déanfar comhad csv amháin a ullmhú le haghaidh cuideachta, bliana agus míosa'.